



An Roinn Airgeadais  
Department of Finance

## Fógra Príobháideachais na Roinne Airgeadais

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018.

Faoin GDPR, tá smacht níos mó ag ábhair sonraí ar a gcuid sonraí pearsanta trí chearta nua agus níos soiléire a leagan amach d'ábhair sonraí a ndéantar a gcuid sonraí a bhailiú agus a phróiseáil. Leagann an GDPR oibleagáidí níos mó ar eagraíochtaí a rialaíonn agus a phróiseálann sonraí pearsanta. Tá an ceangaltas ar eagraíochtaí a bheith go iomlán trédhearcach maidir leis an gcaoi a bhfuiltear ag úsáid agus ag cosaint sonraí pearsanta ag croílár an GDPR, agus ní mór dóibh a bheith ábalta cuntasacht a léiriú maidir lena gcuid gníomhaíochtaí próiseála sonraí.

Tá an Roinn Airgeadais tiomanta do chearta agus do phríobháideachas a cuid ábhar sonraí go léir a chosaint i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go dtí 2018.

Sainmhínítear sonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí mar:

*"...aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin"*

## An tOifigeach Cosanta Sonraí

Is é Caitriona O' Connor Oifigeach Cosanta Sonraí na Roinne agus is féidir teagmháil a dhéanamh leis ag [dataprotection@finance.gov.ie](mailto:dataprotection@finance.gov.ie) nó ar an bpost ag:

Ms. Caitriona O' Connor

An tOifigeach Cosanta Sonraí

An Roinn Airgeadais

Tithe an Rialtais

Sráid Mhuirfean Uachtarach

Baile Átha Cliath 2, D02 R583

## Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta

Cinntoidh an Roinn Airgeadais go mbeidh aon sonraí pearsanta a phróiseáiltear ag comhlíonadh na bprionsabal a bhaineann le próiseáil. Déantar foráil in Airteagal 5 den GDPR do na prionsabail seo a leanas maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil:

### 1. 'Dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht'

Déantar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí.

### 2. 'Teorannú de réir cuspóra'

Déantar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéantar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin.

### 3. 'Íoslaghdú sonraí'

Beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil.

### 4. 'Cruinneas'

Beidh siad cruinn agus, i gcás inar gá, coimeádfar suas le dáta iad; déantar gach beart réasúnta chun a áirithiú go léirscriostar nó go gceartaítear sonraí pearsanta míchruinne gan mhoill, ag féachaint do na críocha ar chucu a dhéantar iad a phróiseáil.

#### 5. 'Teorannú stórála'

déanfar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach.

#### 6. 'Sláine agus rúndacht'

Déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraíthe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí nó eagraíochtúla.

#### 7. 'Cuntasacht'

Déanfar iad a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraíthe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla.

### **Sonraí pearsanta arna gcoinneáil ag an Roinn Airgeadais**

Mar chuid dá cuid oibríochtaí ó lá go lá, faigheann an Roinn Airgeadais, agus coinníonn sí, sonraí pearsanta ar mhaithe le réimse leathan críocha. Is féidir sonraí pearsanta a rangú faoi líon leathan teideal lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta do:

- sonraí pearsanta bhaill foirne na Roinne Airgeadais;
- sonraí pearsanta atá in Uiríll Airí agus i gCeisteanna Parlaiminte a fhaightear ó bhaill an Oireachtais;
- sonraí pearsanta sholáthraithe seirbhísí agus earraí agus seirbhísí a chuireann tairiscintí ar aghaidh mar chuid de phróiseas tairisceana;
- sonraí pearsanta a bhaineann le Comhlachtaí faoi scáth na Roinne;
- sonraí pearsanta a fhaightear in iarrataí um Shaoráil Faisnéise;
- sonraí pearsanta a bhaineann le dlíthíocht a bhféadfadh sé go mbeadh baint ag an Aire léi;
- sonraí pearsanta na foirne, cuairteoirí chuig an Roinn / baill den phobal arna dtaifeadh ar chóras CCTV na Roinne (scriostar sin go huathoibríoch tar éis 28 lá)

## Ceartha an Ábhair Sonraí

Déantar foráil faoin GDPR do na cearta seo a leanas i ndáil leis an ábhar sonraí. Seasfaidh an Roinn Airgeadais leis na cearta sin i ndáil leis an ábhar sonraí.

1. an ceart chun faisnéis a fháil maidir leis an gcaoi a phróiseáiltear sonraí;
2. ceart rochtana ar a gcuid sonraí féin;
3. an ceart go ndéanfaí ceartúchán;
- 4 An ceart go ndéanfaí léirsciosadh (an 'ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad');
- 5 An ceart go gcuirfidh srian le próiseáil;
6. An ceart a chinntiú go gcuirtear tríú páirtithe ar an eolas maidir le ceartú nó sciosadh sonraí pearsanta;
7. An ceart chun iomparthacht sonraí;
8. An ceart chun agóid a dhéanamh go ginearálta i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta;
9. An ceart chun agóid a dhéanamh go sonrach i gcoinne próiseáil sonraí pearsanta chun críocha margaíocht dhíreach;
10. An ceart gan a bheith faoi réir cinneadh a bhunaítear ar phróiseáil uathoibríthe - ceart gan a bheith faoi réir próifílithe.

Is féidir teacht ar mhionsonraí breise maidir le cearta an ábhair sonraí ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Cosanta Sonraí ag - <http://gdprandyou.ie/wp-content/uploads/2018/04/Rights-of-Individuals-under-the-General-Data-Protection-RegulationAmendedApril.pdf>

## **Iarrataí ar Rochtain Ábhair**

Téigh chuig an nasc seo chun Iarraidh ar Rochtain Ábhair um Chosaint Sonraí a dhéanamh leis an Roinn - <https://www.finance.gov.ie/corporate/obligations/data-protection-officer>

## **Úsáid 'Fianán'**

Féach ar an nasc seo le do thoil - <https://www.finance.gov.ie/privacy-statement>

## **Sonraí a aistriú chuig tríú tíortha**

Sa chás go mbeidh ar an Roinn sonraí a aistriú chuig tríú tír lasmuigh den AE/EEA nach bhfuil cinneadh leordhóthanachta i bhfeidhm inti, cinnteoidimid go bhfuil na cosaintí oiriúnacha i bhfeidhm agus aistriú den chineál sin á dhéanamh.

## **An ceart chun gearán a dhéanamh**

Faoi Airteagal 77 den GDPR, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún Cosanta Sonraí má mheasann tú go bhfuil próiseáil ar do chuid sonraí pearsanta contrártha don GDPR.

Faoi Airteagal 78, tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach éifeachtach a fháil sa chás nach láimhseálann an Coimisiún Cosanta Sonraí do ghearán, nó sa chás nach gcuirtear ar an eolas tú laistigh de thrí mhí maidir le dul chun cinn nó le toradh an ghearáin.

Faoi Airteagal 80, is féidir leat sainordú a thabhairt do thríú páirtithe áirithe gearán a thaisceadh ar do shon.

**Is cáipéis bheo í seo agus d'fhéadfaí í a athrú ó am go ham.**

**Tugadh an Fógra seo cothrom le dáta go deireanach i mí na Samhna 2019.**